RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/853 ÓN gCOIMISIÚN

an 31 Bealtaine 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 a mhéid a bhaineann le torthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh Hondúras, Mheicsiceo, Shrí Lanca agus na Téalainne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard a bhunaítear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún ([2]), ar bhonn réamh-mheasúnú riosca, liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo.

(2) Is éard a leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún ([3]) rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 a dhéanamh ar na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo.

(3) Tar éis réamh-mheasúnú riosca a dhéanamh, áiríodh torthaí *Momordica* L. de thionscnamh tríú tíortha nó limistéir de thríú tíortha arb eol go mbíonn *Thrips palmi* Karny iontu agus nach bhfuil bearta maolaithe éifeachtacha i bhfeidhm iontu i ndáil leis an lotnaid sin, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo.

(4) An 13 Samhain 2019, chuir Meicsiceo iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun torthaí *Momordica charantia* L. a onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh an sainchomhad teicniúil ábhartha isteach leis an iarraidh sin.

(5) An 27 Samhain 2019, chuir Hondúras, Srí Lanca agus an Téalainn iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun torthaí *Momordica charantia* L. a onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh an sainchomhad teicniúil ábhartha isteach leis na hiarrataí sin.

(6) AN 31 Nollaig 2020, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairimí eolaíocha maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar thorthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh Mheicsiceo ([4]), Hondúras ([5]), Shrí Lanca ([6]) agus na Téalainne ([7]). Ba é *Thrips palmi* Karny an t-aon lotnaid a bhfuil imní fúithi a ndearnadh anailís uirthi sna tuairimí sin. Rinne an tÚdarás meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca faoina ndéantar tuairisc sna sainchomhaid i dtaca leis an lotnaid sin agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh na plandaí sin saor ón lotnaid sin.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 323, 19.12.2018, lch. 7).

([4]) *EFSA PLH Panel (EFSA Panel on Plant Health)* [Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí], 2021. *Scientific Opinion on the Commodity risk assessment of Momordica charantia fruits from Mexico* [Tuairim Eolaíoch maidir leis an Measúnú riosca tráchtearraí ar thorthaí *Momordica charantia* ó Mheicsiceo]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(2):6398, 37 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6398.

([5]) *EFSA PLH Panel (EFSA Panel on Plant Health)* [Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí], 2021. *Scientific Opinion on the commodity risk assessment of Momordica charantia fruits from Honduras* [Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar thorthaí *Momordica charantia* ó Hondúras]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(2):6395, 34 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6395.

([6]) *EFSA PLH Panel (EFSA Panel on Plant Health)* [Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí], 2021. *Commodity risk assessment of Momordica charantia fruits from Sri Lanka* [Measúnú riosca tráchtearraí ar thorthaí Momordica charantia ó Shrí Lanca]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(2):6397, 35 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6397.

([7]) *EFSA PLH Panel (EFSA Panel on Plant Health)* [Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí], 2021. *Scientific Opinion on the Commodity risk assessment of Momordica charantia fruits from Thailand* [Tuairim Eolaíoch maidir leis an Measúnú riosca tráchtearraí ar thorthaí *Momordica charantia* ón Téalainn]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(2):6399, 33 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2021.6399.

(7) Ar bhonn na dtuairimí sin, féadfar aghaidh a thabhairt ar an riosca fíteashláintíochta a eascraíonn as torthaí *Momordica charantia* L. ó Hondúras, ó Mheicsiceo, ó Shrí Lanca agus ón Téalainn a thabhairt isteach san Aontas trí bhíthin ceanglais allmhairiúcháin fíteashláintíochta chun a áirithiú go ndéanfar an riosca a laghdú go leibhéal inghlactha agus a choimeád ag an leibhéal sin. Dá bhrí sin, ba cheart torthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh na dtíortha sin a bhaint de liosta na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile a mbaineann ardriosca leo atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019.

(8) Meastar gur leor iad na bearta maolaithe riosca a chuireann Srí Lanca i bhfeidhm chun an riosca fíteashláintíochta a eascraíonn as torthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh na tíre sin a thabhairt isteach san Aontas a choimeád ag leibhéal inghlactha.

(9) Measann an Coimisiún nach leor astu féin iad na bearta maolaithe riosca a mholann Hondúras, Meicsiceo agus an Téalainn sna sainchomhaid chun an riosca fíteashláintíochta a eascraíonn as torthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh na dtíortha sin a thabhairt isteach san Aontas a laghdú go leibhéal inghlactha. Da bhrí sin, ba cheart allmhairiú thorthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh na dtíortha sin isteach san Aontas ceanglais allmhairiúcháin shonracha a chomhlíonadh: ba cheart na torthaí sin a bheith de thionscnamh limistéar atá saor ó lotnaidí, nó ó láithreán táirgthe a bhfuil cosaint fhisiceach iomlán aige, nó ó láithreán táirgthe inar tógadh roinnt beart maidir le táirgeadh, láimhseáil agus iniúchadh na dtorthaí sin.

(10) Dá bhrí sin, toisc go liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([8]) *Thrips palmi* Karny mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais agus toisc go ndéantar foráil i bpointe 71 d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin maidir le ceanglais allmhairiúcháin speisialta le haghaidh thorthaí *Momordica* L. de thionscnamh na dtríú tíortha ar fad, ba cheart ceanglais allmhairiúcháin shonracha le haghaidh thorthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh Hondúras, Mheicsiceo, Shrí Lanca agus na Téalainne a chur le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 agus (AE) 2019/2072 a leasú dá réir.

(12) Chun oibleagáidí an Aontais Eorpaigh a eascraíonn as comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a chur i bhfeidhm ([9]) a chomhlíonadh, ba cheart allmhairiú thorthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh Hondúras, Mheicsiceo, Shrí Lanca agus na Téalainne a atosú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([9]) *The World Trade Organization Agreement on the Application of Sanitary and Phytosanitary Measures (SPS Agreement)* [Comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm (Comhaontú SPS)], https://www.wto.org/english/tratop_e/sps_e/spsagr_e.htm.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/2072 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 31 Bealtaine 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Sa tábla i bpointe 3 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs sa dara colún, "Tuairisc":

"*Momordica* L., seachas torthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh Hondúras, Mheicsiceo, Shrí Lanca agus na Téalainne"

Leasaítear Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 mar a leanas:

a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 71:

	Plandaí, táirgí plandaí agus réada eile	Cóid AC	Tionscnamh	Ceanglais speisialta
"71	Torthaí *Momordica* L., seachas torthaí *Momordica charantia* L. de thionscnamh Hondúras, Mheicsiceo, Shrí Lanca agus na Téalainne	ex 0709 99 90	Tríú tíortha	Ráiteas oifigiúil ina luaitear go bhfuil na torthaí de thionscnamh: (a) tír a aithnítear a bheith saor ó *Thrips palmi* Karny i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, ar choinníoll gur chuir eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann an stádas go bhfuil sé saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré, nó (b) limistéar a shuigh an eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó *Thrips palmi* Karny, i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, agus luaitear é sin ar an deimhniú fíteashláintíochta, ar choinníoll gur chuir eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann an stádas go bhfuil sé saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré."

b) Cuirtear isteach an pointe 71.1 seo a leanas idir pointí 71 agus 72:

"71.1	Torthaí *Momordica charantia* L.	ex 0709 99 90	Hondúras, Meicsiceo, Srí Lanca agus an Téalainn	Ráiteas oifigiúil ina luaitear an méid seo a leanas maidir leis na torthaí: (a) is de thionscnamh limistéar iad a shuigh an eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí sa tír thionscnaimh go bhfuil sé saor ó *Thrips palmi* Karny, i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha maidir le Bearta Fíteashláintíochta, agus luaitear é sin ar an deimhniú fíteashláintíochta, ar choinníoll gur chuir eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann an stádas go bhfuil sé saor ón lotnaid sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré, nó (b) is de thionscnamh láithreán táirgthe iad a bhfuil cosaint fhisiceach aige ar *Thrips palmi* Karny, agus fuarthas amach le hiniúchadh oifigiúil ar shampla ionadaíoch, mar a shainítear i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta CIBP 31 ([1]), go díreach sula ndearnadh iad a onnmhairiú, go bhfuil siad saor ón lotnaid sin agus/nó ó na siomptóim a bhaineann léi,

				agus láimhseáladh agus pacáistíodh iad ar bhealaí chun inmhíolú le *Thrips Palmi* Karny tar éis imeacht dóibh ón láithreán táirgthe a chosc, agus tá faisnéis ar inrianaitheacht le fáil sa deimhniú físeashláintíochta. nó (c) táirgeadh iad faoi réir chur chuige córas éifeachtach chun a áirithiú go bhfuil siad saor ó *Thrips palmi* Karny, cur chuige lena n-áirítear comhlíonadh gach ceann de na ceanglais seo a leanas ar a laghad: (i) maidir leis an láithreán an táirgthe: — feistíodh é le gaistí greamaitheacha chun *Thrips palmi* Karny a bhrath le linn thimthriall iomlán an táirgthe, — rinneadh iniúchadh air trí huaire sa tseachtain ar a laghad agus fuarthas amach go raibh sé saor ó shiomptóim agus/nó ón lotnaid a bhfuil imní fúithi, le linn thimthriall iomlán an táirgthe; i gcás ina raibh amhras faoi láithreacht *Thrips palmi* Karny, rinneadh cóireálacha iomchuí chun a áirithiú nárbh ann don lotnaid sin, — cuireadh faoi réir srianadh salachair éifeachtach é chun óstaigh mhalartacha *Thrips palmi* Karny a dhíothú, agus (ii) cuireadh na torthaí faoi réir bearta rialaithe saothraithe éifeachtacha in aghaidh *Thrips palmi* Karny agus chuir eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí an tríú tír lena mbaineann na bearta sin in iúl don Choimisiún i scríbhinn roimh ré, agus (iii) maidir leis na torthaí bainte: — láimhseáladh agus iompraíodh iad go dtí na tithe pacáistíochta ar bhealach chun inmhíolú tar éis imeacht dóibh ón láithreán táirgthe a chosc, — scuabadh agus níodh iad le huisce ina raibh dífhabhtán chun a áirithiú go bhfuil siad saor ó larbhaí de *Thrips palmi* Karny agus ó *Thrips palmi* Karny fásta,

				— láimhseáladh agus pacáistíodh iad ar bhealaí chun inmhíolú tar éis imeacht dóibh ón teacht pacáistíochta a chosc, — fuarthas amach le hiniúchadh oifigiúil ar shampla ionadaíoch, mar a shainítear i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta CIBP 31, go díreach sula ndearnadh iad a onnmhairiú, go bhfuil siad saor ó na siomptóim a bhaineann le *Thrips palmi* Karny, (iv) tá faisnéis ar inrianaitheacht le fáil sa deimhniú fíteashláintíochta.

([1]) CIBF 31. *Methodologies for sampling of consignments* [Modheolaíochtaí maidir le sampláil coinsíneachtaí] (fao.org)"